



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2014**

## EOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

**DÉARDAOIN, 12 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go 11.30**

### TREORACHA

1. Scríobh do **scrúduimhir** sa bhosca atá ann di ar an leathanach seo.
2. Freagair **gach** ceist.
3. Freagair na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo.  
Má tá spás breise uait, tá leathanach breise curtha ar fáil ar chál an leabhráin seo.
4. Tá cead agat úsáid a bhaint as an leabhrán, *Foirmí agus Táblai*, atá faofa lena úsáid sna Scrúduithe Stáit. Is féidir cóip a fháil ó fheitheoir na scrúduithe.

<b>Uimhir an Ionaid</b>
-------------------------

<b>Scrúduimhir</b>
--------------------

<b>Don scrúdaitheoir amháin</b>	
Roinn / Ceist	Marc
<b>Bitheolaíocht</b>	
C.1 (52)	
C.2 (39)	
C.3 (39)	
<b>Ceimic</b>	
C.4 (52)	
C.5 (39)	
C.6 (39)	
<b>Fisic</b>	
C.7 (52)	
C.8 (39)	
C.9 (39)	
<b>Iomlán (Páipéar)</b>	
<b>Bónas don Ghaeilge</b>	
<b>Móriomlán (Páipéar) (390)</b>	
<b>Obair Chúrsa A (60)</b>	
<b>Obair Chúrsa B (150)</b>	
<b>Móriomlán (600)</b>	

## Bitheolaíocht

### Ceist 1

(52)

(1) (2)

- (a) Sa phictiúr taispeántar fiacaile an mhadra rua.

Ainmnigh na **fiacaile móra pointeáilte**  
i dtosach a bhéil.

**Ainm** \_\_\_\_\_



Cén fheidhm atá ag an saghas seo fiacaile?

**Feidhm** \_\_\_\_\_

- (b) San fhuil tá fulichealla báná, fulichealla dearga agus pláitíní.

Sa tábla scríobh an litir **O** in aice na coda den fhuil a **iompraíonn ocsaigin**.

	<b>Fuilchealla dearga</b>
	<b>Pláitíní</b>
	<b>Fuilchealla báná</b>


Scriobh an litir **F** in aice na coda den fhuil a **throideann ionfhabhtú**.

- (c) Sa léaráid taispeántar struchtúr na súile.

**Ainmnigh** an chuid lipéadaithe **A**.

**Ainm** \_\_\_\_\_

Cén fheidhm atá ag an **néaróg optach**?



- (d) Is carbaihiodráit é stáirse, a fhaightear i mórán bianna.

Sa tábla scríobh an litir **S** in aice le **hainmneacha dhá bhia** ina bhfuil mórán stáirse.

	<b>Bainne</b>
	<b>Arán</b>
	<b>Sicín</b>
	<b>Práta</b>

- (e) Sa phictiúr taispeántar pláta agair ina bhfuil miocrorgánaigh.



Tabhair **dhá shampla** de mhiocrorgánaigh.

1 \_\_\_\_\_


2 \_\_\_\_\_

- (f) Sa léaráid taispeántar an córas atáirgthe baineann.

Ainmnigh an chuid lipéadaithe **A**.

**Ainm** \_\_\_\_\_

Ainmnigh an **ghaiméit bhaineann** (gnéaschill) a tháirgtear anseo.



**Ainm** \_\_\_\_\_

- (g) Scaipeann plandaí a síolta i slite difriúla.

Ainmnigh planda amháin a scaipeann a síolta agus **gaoth** á húsáid.

Ainmnigh **modh amháin eile** chun síolta a scaipeadh.

\_\_\_\_\_

- (h) Sa léaráid taispeántar codanna bláthá.

Sa tábla scríobh an litir **A** in aice le hainm na coda lipéadaithe **A**.

	<b>Peiteal</b>	
	<b>Staimín</b>	
	<b>Cairpéal</b>	

Sa tábla scríobh an litir **B** in aice le hainm na coda lipéadaithe **B**.

Luaigh **feidhm** amháin atá ag an gcuid lipéadaithe **B** sa léaráid.

(7 × 6 + 1 × 10)

## Ceist 2

(39)

- (a) Iarradh ar mhac léinn féachaint ar roinnt cealla oinniúin agus mircéascóp solais á úsáid.


(1) (2)

(18)

Ainmnigh an chuid lipéadaithe **A** a bhféachann tú tríd.

**Ainm** \_\_\_\_\_

Cé acu cuid lipéadaithe a gcuirfeá an sleamhnán uirthi? \_\_\_\_\_



Cén **fheidhm** atá ag an gcuid lipéadaithe **C** sa léaráid?


Tá formhéadú de **10** ag cuid **A** agus tá formhéadú de **40** ag an réadlionsa.

Sa tábla scríobh an litir **T** in aice le **formhéadú iomlán**.

	<b>50</b>
	<b>400</b>


Taispeánann na híomhánna thíos dhá shaghas dhifriúla cille mar a fheictear iad agus mircéascóp solais á úsáid.

Scríobh an litir **P** laistíos d'íomhá na gcealla planda.



(12)

(b) Sa léaráid taispeántar an córas fuail.



(1) (2)

Roghnaigh an focal ceart as an liosta ar dheis do na codanna lipéadaithe A agus B.

A \_\_\_\_\_

B \_\_\_\_\_

**Scamhóg**  
**Duán**  
**Lamhnán**  
**Ae**

Cad é **feidhm** na coda lipéadaithe B?

**Feidhm** \_\_\_\_\_

Roghnaigh an focal ceart as an liosta ar dheis chun an t-artaire, lipéadaithe C sa léaráid, a ainmniú.


Is é C an t-artaire \_\_\_\_\_.

**Duánach**  
**Scamhógach**

(c) Scaoiltear amach dé-ocsaíd charbóin as ár gcóras eisfeartha. (9)

Ainmnigh an tuaslagán leachtach a d'úsáidfeá chun a thaispeáint go bhfuil dé-ocsaíd charbóin i láthair in aer easanálaithe.

**Ainm** \_\_\_\_\_



Cad a tharlaíonn do dhath an leachta seo má dhéantar dé-ocsaíd charbóin a bhoilgearnú tríd, mar a thaispeántar sa léaráid?

---



---


(39)

(1) (2)

(12)

**Ceist 3**

- (a) Galaíonn uisce ó dhromchla duille le linn **trasghalú**. Leag mac léinn amach an turgnamh a thaispeántar chun trasghalú a fhiosrú.



Cad a tharlóidh do leibhéal an uisce má tharlaíonn trasghalú?

---

Cén fáth a gcuirtear ciseal ola leis?

---

Cé acu planda, **A** nó **B**, a mbeifeá ag súil leis go dtarlódh an trasghalú is mó ann? Tabhair cúis le do fhreagra.

**Freagra** \_\_\_\_\_

**Cúis** \_\_\_\_\_

- (b) Sa leáráid taispeántar pútar is féidir a úsáid chun staidéar a dhéanamh ar ghnáthóg. (9)

Mínigh conas a d'úsáidfeá pútar chun staidéar a dhéanamh ar ghnáthóg.


---



---



---



**Pútar**

Ainmnigh píosa trealaímh amháin eile is féidir a úsáid chun staidéar a dhéanamh ar ghnáthóg.

---

(c) Sa léaráid taispeántar cuid de chnámharlach an duine.


(18)

(i) Ainmnigh na codanna lipéadaithe **A**, **B** agus **C**.

**A** \_\_\_\_\_

**B** \_\_\_\_\_

**C** \_\_\_\_\_



(ii) Príomh-fheidhm amháin atá ag an gcnámharlach  
ná cosaint.

**Ainmnigh** an chuid den chorp a dtugann cuid **A** an chnámharlaigh  
cosaint dó. \_\_\_\_\_

Luaigh **feidhm** amháin eile atá ag an gcnámharlach.  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

## Ceimic

### Ceist 4


(52)

- (a) Ainmnigh an modh deighilte a thaispeántar ar dheis.

**Ainm** \_\_\_\_\_

Ainmnigh meascán a d'fhéadfaí a dheightilt agus an modh seo á úsáid.

**Meascán** \_\_\_\_\_



- (b) Tá an mála iompráin seo déanta as plaisteach. Tabhair **buntáiste** amháin agus **míbhuntáiste** amháin atá ag plaisteach.


**Buntáiste** \_\_\_\_\_



**Míbhuntáiste** \_\_\_\_\_

- (c) Sa léaráid taispeántar imoibriú miotal in aigéad hidreaclórach.

Ainmnigh **miotal** a imoibreoidh leis an aigéad chun gás hidrigine ( $H_2$ ) a tháirgeadh.



**Miotal** \_\_\_\_\_

Cad é an tástáil atá ann do ghás hidrigine? \_\_\_\_\_


\_\_\_\_\_

- (d) Is féidir gás ocsaigine a dhéanamh sa tsaotharlann.

Ligtear do shárocsaíd hidrigine titim ar sholad dubh a ghníomhaíonn mar **chatalaíoch**.

Sa tábla thíos scríobh an litir C in aice leis an **gcatalaíoch** a úsáidtear chun ocsaigin a ullmhú.

	<b>Clóiríd sóidiam</b>
	<b>Dé-ocsáid mhangainéise</b>



- (e) Cé acu gás as an liosta sa tábla ar dheis atá mar phríomh-chomhábhar ag **gás nádúrtha**? \_\_\_\_\_

(1) (2)


Cé acu gás as an liosta sa tábla ar dheis atá ina **dhúil**?  
\_\_\_\_\_

Nítrigin  
Meatán

- (f) Sa léaráid taispeántar dianscaoileadh uisce trí **leictrealú**. Táirgtear dhá ghás, hidrigin agus ocsaigin.


Cad í an **fhoirmle cheimiceach** atá ann d'uisce? \_\_\_\_\_

Cé acu gás, **hidrigin nó ocsaigin**, a tháirgtear le toirt níos mó sa turgnamh seo? \_\_\_\_\_



- (g) San adamh ar dheis tá trí shaghas cáithní: prótóin, neodróin agus leictreoin.

Ainmnigh an cáithnín san adamh a fhaightear **lasmuigh** den núicléas. \_\_\_\_\_



Ainmnigh an cáithnín san adamh **nach** bhfuil **lucht ar bith** aige. \_\_\_\_\_


- (h) Is féidir na píosaí trealaimh thíos a úsáid chun toirt na leachtanna a thomhas sa tsaotharlann.

Sa tábla scríobh an litir **A** in aice le hainm an phíosa trealaimh lipéadaithe **A**.

	<b>Easca</b>
	<b>Buiréad</b>
	<b>Pípéad</b>

Scríobh an litir **B** in aice le hainm an phíosa trealaimh lipéadaithe **B**.

Cé acu píosa trealaimh **A** nó **B**, a thabharfaidh an toirt leachta is cruinne? \_\_\_\_\_



(7 × 6 + 1 × 10)


## Ceist 5

(39)

(1) (2)

- (a) I saotharlann scoile rinne mac léinn fiosrú ar mheirgíú tairní iarainn, mar a thaispeántar sa léaráid. Déan staidéar ar an léaráid agus freagair na ceisteanna a leanann í.

(21)

Meirgíonn tairníNí meirgíonn tairníNí meirgíonn tairní

	Al
	Fe
	Au

- (i) Sa tábla scríobh an litir **I** in aice leis an tsiombail d'iarann.

- (ii) Cén aidhm atá ag an **clóiríd chailciam** i bpromhadán **C**?

---

Cén aidhm atá ag an gciseal **ola** i bpromhadán **B**?

---

Cén fáth a n-úsáidtear **uisce fiuchta** i bpromhadán **B**?

---

Rinne na tairní i bpromhadán **A** meirgíú tar éis cúpla lá. Mínigh cén fáth.

- (iii) Ainmnigh **modh** amháin chun cosc a chur le meirgíú an gheata iarainn sa phictiúr.



- (b) Sa léaráid taispeántar an pH ag roinnt gnáth-leachtanna. Déan staidéar ar an léaráid agus freagair na ceisteanna thíos. (18)

(i) Cé acu leacht is aigéadaí, **caife dubh** nó **tuaslagán amóinia**?

---

(ii) Ainmnigh leacht atá ina **bhun** agus a thaispeántar sa léaráid.


---

(iii) Ainmnigh an leacht **neodrach** a thaispeántar sa léaráid.

---

(iv) Is é is cúis le dó croí ná an t-aigéad gastrach a fhaightear sa bholg. Is cógas é bainne maignéise is féidir a thógáil chun dó croí a mhaolú.

Sa tábla scríobh an litir **R** in aice leis an saghas imoibriú ceimiceach a tharlaíonn idir an bainne maignéise agus an t-aigéad gastrach.



	<b>Driogadh</b>
	<b>Neodrú</b>

(v) Is substaintí creimneacha iad aigéid. Luaigh **réamhchúram** sábháilteachta amháin ba chóir a chomhlíonadh nuair atá duine ag déileáil le haigéid sa tsaotharlann.



**Réamhchúram** \_\_\_\_\_

---



---

**Ceist 6**

(39)

- (a) Is dúil sa tábla peiriadach é sulfar.

(15)

(1) (2)

(i) An **miotal** nó **neamh-mhiotal** é sulfar? \_\_\_\_\_(ii) Cén **dath** é sulfar? \_\_\_\_\_(iii) Nuair a dhéantar sulfar a mheascadh le mionrabh iarainn, déantar meascán. Cad a tharlódh dá dtabharfá **maighnéad** cógarach don **mheascán**?  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_(iv) Nuair a dhéantar an meascán de mhionrabh iarainn agus de shulfar a théamh, tarlaíonn imoibriú ceimiceach agus déantar comhdhúil nua.  
Cad a tharlódh dá dtabharfá **maighnéad** cógarach don **chomhdhúil**?  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

- (b) Cóireáiltear uisce chun é a úsáid inár dtithe.

(12)

As an liosta ar dheis roghnaigh an tsubstaint a chuirtear le huisce chun cabhrú le meath fiacla a chosc.

<b>Ocsaíd</b>
<b>Fluairíd</b>
<b>Suilfid</b>

**Substaint** \_\_\_\_\_

Cad é an aidhm atá le clóirín a chur leis an uisce?

**Aidhm** \_\_\_\_\_

Ainmnigh dúil as Grúpa 2 arb iad a comhdhúile is cúis le cruas in uisce.

**Ainm** \_\_\_\_\_

- (c) Le cabhair léaráide lipéadaithe, déan cur síos ar conas a **d'úsáidfeá an tástáil ghallúnaí chun a fháil amach cé acu de dhá shampla d'uisce a bhfuil an cruas is mó ann.**

(12)

(1) (2)

Léaráid lipéadaithe

Trealamh: \_\_\_\_\_

---

---

---

Modh oibre: \_\_\_\_\_

---

---

---

---

---

---

---

---

Toradh: \_\_\_\_\_

---

---

---

---

---

# Fisic

Don  
scrúdaitheoir  
amháin

(1) (2)

## Ceist 7

(52)

- (a) Roghnaigh na focail chearta as an liosta ar dheis chun an fhoirmle seo a leanas a chomhlánú.

$$\text{Luas} = \boxed{\quad} \div \boxed{\quad}$$

Am  
Mais  
Fad

- (b) Thomhais fear seomra le haghaidh cairpéid nua. Is iad tomhais an tseomra ná **5 m** ar fad agus **4 m** ar leithead.

Ainmnigh uirlis a d'fhéadfadh an fear a úsáid chun fad agus leithead an tseomra a thomhas.

**Uirlis** \_\_\_\_\_




Ríomh achar an tseomra ina  $\text{m}^2$ .

**Achar** \_\_\_\_\_  $\text{m}^2$

- (c) Cuirtear ga de sholas bán trí bhloc triantánach gloine agus táirgeann sé speictream hathanna, mar a thaispeántar sa léaráid.

Ainmnigh an bloc triantánach gloine seo.

**Ainm** \_\_\_\_\_



Cad deir an turgnamh seo leat faoi sholas bán?

\_\_\_\_\_

- (d) Baintear úsáid as an uirlis sa phictiúr ar dheis chun teocht a thomhas. **Ainmnigh** an uirlis seo.

\_\_\_\_\_



As an liosta ar dheis, roghnaigh an teocht ag a bhfiuchann uisce.


\_\_\_\_\_

0 °C  
100 °C  
200 °C

- (e) Leagadh amach ciorcad chun tástáil a dhéanamh d'ábhair a sheolann leictreachas. Cuireadh ábhair dhifriúla idir **X** agus **Y** sa ciorcad a thaispeántar agus dúnadh an lasc.

**Conas** a bheadh a fhios agat go ndearna substaint leictreachas a sheoladh?

Ainmnigh ábhar a sheolann leictreachas.



**Ainm** \_\_\_\_\_


- (f) Is foinsí fuinnimh neamh-inathnuaithe iad breoslaí iontaise. **Ainmnigh** dhá bhreosla iontaise.

**Breosla iontaise 1** \_\_\_\_\_

**Breosla iontaise 2** \_\_\_\_\_

- (g) Sreabann sruth **6 A** trí fhriotóir nuair a chuirtear ceallra **12 V** trasna air.

Ríomh friotaíocht an fhriotóra.



**Friotaíocht** \_\_\_\_\_  $\Omega$

Ainmnigh an uirlis a dtugtar an tsiombail ar dheis di go minic agus a úsáidtear chun sruth leictreach a thomhas.




**Ainm** \_\_\_\_\_

- (h) Sa léaráid taispeántar fleascán d'uisce daite le feadán gloine. Ainmnigh uirlis a d'úsáidfeá sa tsaotharlann chun an fleascán a théamh go réidh.

**Uirlis** \_\_\_\_\_

Cad a mbeifeá ag súil lena bhreathnú faoi **leibhéal an uisce** san fheadán gloine tar éis an fleascán a théamh go réidh ar feadh 5 nóiméad?



**Breathnú** \_\_\_\_\_

Cad is féidir leat a chonclúidiú as an turgnamh seo?

**Conclúid** \_\_\_\_\_

$(7 \times 6 + 1 \times 10)$

## Ceist 8

(39)


- (a) Sa leáráid taispeántar maighnéad agus é ar crochadh ó sheastán adhmaid.  
Is féidir leis an maighnéad casadh gan bhac.

(1) (2)

- (i) Cén fáth a n-úsáidtear seastán adhmaid?

---

- (ii) Tugadh maighnéad eile cóngarach don mhaighnéad atá ar crochadh, mar a thaispeántar thíos.



Sa tábla thusa scríobh an litir **R** faoin bpictiúr ina n-éarfáraí an maighnéad atá ar crochadh.

Scríobh an litir **A** faoin bpictiúr ina n-aomfar an maighnéad atá ar crochadh.

- (b) Sa leáráid taispeántar na píosaí trealaímh a úsáidtear chun toirt cloiche a thomhas a bhuail mais **20 g** aici.

(12)

- (i) Ainmnigh an píosa trealaímh lipéadaithe **A**.


**Ainm** \_\_\_\_\_

- (ii) Cén toirt í an chloch?

**Toirt** = \_\_\_\_\_  $\text{cm}^3$

- (iii) Ríomh dlús na cloiche ina  $\text{g/cm}^3$ .

Ríomh





- (c) Leagadh amach an trealamh a thaispeántar agus úsáideadh é chun fiosrú a dhéanamh ar an ngaol a bhí idir **síneadh lingeán agus an fórsa a feidhmíodh air**. Taispeántar sa tábla thíos na sonraí a bailíodh.

(18)

(1) (2)

Fórsa (N)	2	4	6	8	10
Síneadh (cm)	5	10	15	20	25



- (i) Agus an ghreille thus á húsáid agat, bain úsáid as na sonraí sa tábla chun graf de **Shíneadh** (*y*-ais) in aghaidh **Fórsa** (*x*-ais) a tharraingt.
- (ii) Bain úsáid as an ngraf chun an síneadh a mheas má fheidhmítear fórsa 3 N ar an lingeán.

Síneadh \_\_\_\_\_ cm

- (iii) Cad a tharlódh dá bhfeidhmeofaí fórsa rómhór ar an lingeán?

## Ceist 9

(39)

(1) (2)

- (a) Ghnóthaigh Felix Baumgartner an churiarracht dhomhanda do spéiríthumadóireacht nuair a léim sé ó airde 39 km os cionn an Domhain. (15)



- (i) Ainnníogh an fórsa ba chúis lena thitim go dtí an Domhan.

Fórsa \_\_\_\_\_

- (ii) Roghnaigh na focail chearta as an liosta ar dheis chun an ráiteas seo a leanas a chomhlánú.

Agus Felix ag titim bhí fuinneamh \_\_\_\_\_  
á thiontú go dtí fuinneamh \_\_\_\_\_.

Cinéiteach  
Ceimiceach  
Poitéinsiúil  
Núicléach

- (iii) An bhfuil Felix ag súil le **méadú nó laghdú** sa bhrú atmaisféarach, agus é ag titim go dtí an Domhan? \_\_\_\_\_

- (b) Tá leictreachas ar fáil mar shruth ailtéarnach (**s.a.**) agus mar shruth díreach (**s.d.**). (9)

- (i) An dtarraingíonn an tóstaeir **s.a. nó s.d.** nuair a dhéantar é a phlugáil isteach agus é a chur ar siúl?

\_\_\_\_\_



- (ii) Tá fiús cuimsithe i bplocóid trí phionna tóstaeir.  
Scríobh an litir **F** in aice le hainm na sreinge a bhfuil fiús ann.

	<b>Beo</b>
	<b>Talmhú</b>
	<b>Neodrach</b>

- (iii) Scríobh an litir **V** in aice leis an voltas ag an soláthar leictreachais príomhlíonra.

	<b>12 V</b>
	<b>230 V</b>

- (c) Is cineál fuinnimh í an fhuaim. Freagair na ceisteanna seo a leanas faoin bhfuaim. (15)

- (i) I rith cluiche iomána bhuail imreoir an sliotar (liathróid). Má tá tú fad áirithe uaidh, tá moill idir an **buille a fheiceáil** agus an **fhuaim a chloisteáil**.

Cad deir sé seo leat faoin **difríocht** idir solas agus fuaim?

---



---




- (ii) Déan staidéar ar an léaráid a thaispeántar agus mínígh conas a tháirgtear macalla ón mbualadh bos.

---



---



- (iii) Nuair a sheinntear giotár, táirgtear fuaim.



Sa tábla scríobh an litir **M** in aice leis an bhfocal a dhéanann cur síos ar ghluaiseacht sreanga an ghiotáir.

	<b>Driogadh</b>
	<b>Creathadh</b>
	<b>Comhiompar</b>

- (iv) Cén iarmhairt is féidir a bheith ag éisteacht le ceol ardghlórach ar éisteacht duine?

**Iarmhairt** \_\_\_\_\_

---

SPÁS D'OBAIR BHREISE

Taispeán go soiléir **uimhir na ceiste / na gceisteanna**, agus an **chuid** den cheist, atá á freagairt agat.

**Don  
scrúdaitheoir  
amháin**

(1) | (2)